# RÚN (AE) 2023/326 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

## an 18 Deireadh Fómhair 2022

## ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex) don bhliain airgeadais 2020

TÁ PARLAIMINT NA HEORPA,

— ag féachaint dá cinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta don bhliain airgeadais 2020,

— ag féachaint do thuarascáil OLAF a tugadh chun críche an 15 Feabhra 2022, agus a cuireadh ar fáil i mí Iúil 2022 do Chomhaltaí an Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile agus don Choiste um Rialú Buiséadach,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile,

— ag féachaint don dara tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0235/2022),

A. de bhrí go bhfuil sraith fiosrúchán seolta ag an Ombudsman Eorpach maidir le leis na hoibleagáidí agus an cuntasacht atá aici maidir le cearta bunúsacha i ndáil lena freagrachtaí feabhsaithe a bheith á gcomhlíonadh ag an nGníomhaireachta Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (an "Ghníomhaireacht") sna cásanna OI/5/2020/MHZ agus OI/4/2021/MHZ agus gur chuir sí sraith moltaí faoi bhráid na Gníomhaireachta;

1. ag tabhairt dá haire gur éirigh stiúrthóir feidhmiúcháin na Gníomhaireachta agus a iar-cheann cabinet as oifig an 28 Aibreán 2022 tar éis eisiúint thuarascáil OLAF agus tar éis go leor tuarascálacha agus imscrúduithe iriseoireachta lena léirítear fadhbanna go háirithe maidir le cearta an duine a chaomhnú; á chur in iúl gur oth léi nach ann d'imeachtaí araíonachta ina gcoinne in ainneoin mholtaí OLAF ina leith sin; á chur in iúl gur geal léi gur cheap an bord bainistíochta stiúrthóir feidhmiúcháin *ad interim* amhail ón 1 Iúil 2022; ag cur sonrú san fhógra folúntais do stiúrthóir feidhmiúcháin don Ghníomhaireacht a foilsíodh an 21 Meitheamh 2022; á iarraidh ar bhord bainistíochta na Gníomhaireachta stiúrthóir feidhmiúcháin a cheapadh a luaithe is féidir; á iarraidh ar an mbord bainistíochta, sula ndéanfaidh sé an nós imeachta earcaíochta sin a chur chun cinn, gealltanas a thabhairt maidir le trédhearcacht agus cuntasacht mhéadaithe don Pharlaimint agus an gealltanas sin a dheimhniú i scríbhinn; á thabhairt chun suntais gur cheart don stiúrthóir feidhmiúcháin nua gealltanas a thabhairt urraim iomlán do chearta bunúsacha a áirithiú i ngníomhaíochtaí uile na Gníomhaireachta chomh maith le scileanna ardleibhéil riaracháin agus bainistíochta a bheith aici; á iarraidh ar an mbord bainistíochta agus ar an gCoimisiún dul i mbun plé gníomhach leis an bParlaimint, i gcomhréir le sainchumais na Parlaiminte; á mheabhrú gur cheart an rochtain phoiblí is leithne is féidir ar thuarascálacha críochnaitheacha OLAF a bhaineann leis an nGníomhaireacht, i bhformáid iomchuí d'úsáid phoiblí, chomh maith le cur chun feidhme iomlán mholtaí na Parlaiminte, agus go háirithe na moltaí ón Meitheal um Ghrinnscrúdú Frontex, a bheith ina gcuid den ghealltanas ón mbord bainistíochta don trédhearcacht agus don chuntasacht;

2. á chur in iúl gur geal léi an nóta faisnéise maidir le "Gníomhaíochtaí a rinne bainistíocht Frontex le linn na hidirthréimhse" a seoladh chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach an 27 Meitheamh 2022 lena gcuirtear an t-údarás um urscaoileadh ar an eolas faoi na bearta a rinne lucht bainistíochta eatramhaí na Gníomhaireachta, agus iad ag dréim le stiúrthóir feidhmiúcháin nua a bheith ceaptha; á iarraidh ar an mbainistíocht eatramhach agus ar an té a cheapfar ina stiúrthóir feidhmiúcháin leanúint den údarás um urscaoileadh a chur ar an eolas go réamhghníomhach maidir lena fhreagairt ar a chuid barúlacha agus moltaí;

3. ag cur sonrú sa ghealltanas a tugadh chun plean gníomhaíochta a ullmhú maidir leis na gníomhaíochtaí feabhais a chuirtear i láthair sa doiciméad seo faoi stiúir an stiúrthóra feidhmiúcháin ghníomhaigh; á chur in iúl gur geal léi go n-aithníonn an stiúrthóir feidhmiúcháin gníomhach fadhbanna reatha na Gníomhaireachta, ag aithint ghealltanas an stiúrthóra feidhmiúcháin ghníomhaigh a áirithiú go gcuirfidh an Ghníomhaireacht a sainordú chun feidhme go hiomlán agus go n-oibreoidh sí agus an smacht reachta á urramú go hiomlán aici agus á chur in iúl gur mór aici an t-athrú dearfach maidir le cearta bunúsacha a urramú agus le cultúr eagraíochtúil na Gníomhaireachta a athrú, lena

n-áirítear a áirithiú nach mbeidh eagla ar dhaoine éagóir a d'fhéadfadh a bheith ann a thuairisciú agus go ndéanfar obair leantach ceart ina leith, go mbunófar idirphlé leis na baill foirne, chun tarmligean cumhachtaí a spreagadh agus chun caidreamh muiníne a chothú le hinstitiúidí eile agus leis an bpobal; á chur in iúl gur geal léi freisin go bhfuil sí tiomanta don trédhearcacht; ag dréim leis go léireofar na hadmhálacha agus na gealltanais thuas i bplean gníomhaíochta le cur faoi bhráid na Parlaiminte, mar aon le nuashonruithe rialta ar a chur chun feidhme; á mheas gur coinníoll tábhachtach i bpróiseas urscaoilte na Gníomhaireachta é an dul chun cinn maidir leis an bplean gníomhaíochta a chur chun feidhme;

4. á iarraidh ar bhainistíocht feidhmiúcháin na Gníomhaireachta leanúint de shainordú na Gníomhaireachta a chur chun feidhme; á athdhearbhú go bhfuil soiléireacht, trédhearcacht, idirphlé oscailte agus cumarsáid go hinmheánach agus go seachtrach, freagrachtaí agus cúraimí a tharmligean, chomh maith lena bheith ag cloí le hardchaighdeáin eitice agus comhlíonadh na gceart bunúsach bunriachtanach chun cultúr eagraíochtúil laistigh den Ghníomhaireacht a athrú, lena n-áirithítear dea-rialachas agus lena fheidhmiú i dtreo chur chun feidhme iomlán a sainordaithe, mar a bunaíodh le Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]); á mheabhrú gur iarracht chomhchoiteann é sin a éilíonn comhar dílis idir an bhainistíocht feidhmiúcháin, bord bainistíochta na Gníomhaireachta agus an Coimisiún; ag athdhearbhú a hiarrata ar an gCoimisiún, sa chomhthéacs sin, treoirlínte soiléire a chur ar fáil maidir le léirmhíniú agus cur chun feidhme shainordú na Gníomhaireachta, go háirithe maidir le gnéithe rialaithe teorann; ag athdhearbhú thacaíocht na Parlaiminte laistigh den phróiseas sin; ag meabhrú na ráiteas a rinneadh ag cruinniú den Choiste um Rialú Buiséadach an 13 Iúil 2022 ag rá, ar bhreathnú siar ar chúrsaí, go raibh an luas a bhí ag dul i méid go gasta a éilíodh le sainordú nua na Gníomhaireachta ina chúis le deacrachtaí a measadh faoina luach, rud a d'fhág moilleanna ar earcaíocht go háirithe; ag tabhairt dá haire go bhfuil an chomhéifeacht cheartúcháin atá ann faoi láthair ina cúis le deacrachtaí tromchúiseacha maidir le foireann cháilithe agus éagsúlaithe a mhealladh agus á iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú ar an gcomhéifeacht cheartúcháin sin agus réaltacht an chostais maireachtála á cur san áireamh chun cothromaíocht gheografach laistigh den Ghníomhaireacht a fheabhsú;

5. á thabhairt chun suntais go raibh ról méadaithe ag an nGníomhaireacht i gcomhthéacs ionradh na Rúise ar an Úcráin; á chur in iúl gur geal léi, i ndáil leis sin, gur síníodh an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Moldóive maidir le gníomhaíochtaí oibríochtúla arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i bPoblacht na Moldóive ([2]) agus an cúnamh a tugadh do Chísineá chun sreabha imirce a bhainistiú;

**Bainistiú buiséadach agus airgeadais**

6. ag meabhrú bhreathnóireacht na Cúirte Iniúchóirí (an "Chúirt") maidir le gealltanas buiséadach sealadach EUR 18 000 000 a thabhairt anonn chun imscaradh allamuigh a ullmhú in 2021 a raibh gealltanas dlíthiúil in easnamh ina leith; ag cur sonrú sna bearta feabhais a rinne an Ghníomhaireacht, lena ndírítear ar an gcreat rialála a shoiléiriú, ar ról níos fearr a thabhairt do sheirbhís airgeadais na Gníomhaireachta agus d'fhoireann oiliúna na Gníomhaireachta, ach gan an méid lena mbaineann a scaoileadh isteach i mbuiséad an Aontais; á mheas gur cheart an gealltanas buiséadach sealadach a chur ar ceal, seachas é a thabhairt anonn; á iarraidh ar an gCúirt meastóireacht a dhéanamh ar chinneadh na Gníomhaireachta gan an gealltanas a chur ar ceal;

7. á athdhearbhú gur cúis imní di gur úsáid stiúrthóir feidhmiúcháin na Gníomhaireachta, de shárú ar an Rialachán Airgeadais, eitleán príobháideach an 4 Márta 2020, rud a chosain EUR 8 500 ar an nGníomhaireacht;

**Coinníollacha a ceapadh le haghaidh urscaoileadh 2019**

8. ag cur sonrú sa tuarascáil ón nGníomhaireacht maidir le cur chun feidhme na seacht gcoinníoll a ceapadh le haghaidh urscaoileadh 2019 na Gníomhaireachta; á chur in iúl gur oth léi, mar sin féin, go dtuairiscítear nach bhfuil ach cúig cinn de na seacht gcoinníoll curtha chun feidhme ag an nGníomhaireacht; á chur in iúl gur oth léi go bhfuil roinnt coinníollacha fós ann nár comhlíonadh ina n-iomláine;

([1]) Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624 (IO L 295, 14.11.2019, lch. 1).

([2]) IO L 91, 18.3.2022, lch. 4.

9. á chur in iúl gur oth léi go bhfuil earcú 40 monatóir ar chearta bunúsacha (FRManna) ar cheann de na coinníollacha nár comhlíonadh go fóill: amhail an 1 Meitheamh 2022, bhí 31 FRM i mbun seirbhíse, agus triúr eile le dul i mbun oifige an 1 Meán Fómhair 2022; á thabhairt chun suntais, de réir Airteagal 110(6) de Rialachán (AE) 2019/1896, go raibh sé d'oibleagáid ar an nGníomhaireacht 40 FRM ar a laghad a earcú faoin 5 Nollaig 2020; á chur i bhfios go láidir go bhfuil sé suite ag an Meitheal um Ghrinnscrúdú Frontex go raibh moill gan ghá ar earcú FRManna ag stiúrthóir feidhmiúcháin na Gníomhaireachta roimhe seo, agus go míníonn an Ghníomhaireacht gur mar gheall ar nósanna imeachta fada earcaíochta in institiúidí an Aontais a tharla an mhoill; ag aithint an dul chun cinn a rinne an Ghníomhaireacht le déanaí maidir le hearcaíocht agus á chur in iúl gur geal léi an méadú ar líon na FRManna ó 40 go 46; á thabhairt chun suntais go soláthraítear le Rialachán (AE) 2019/1896 an creat le haghaidh méaduithe breise ar líon na FRManna de réir mar a mhéadaíonn an Ghníomhaireacht, agus gurb é an 40 FRM tosaigh an tairseach seachas an uasteorainn; á iarraidh ar an nGníomhaireacht an athuair go ndéanfaidh sí gach earcaíocht amach anseo agus ceapadh FRManna ar leibhéal AD; ag aithint thiomantas na Gníomhaireachta na FRManna eile a earcú a luaithe is féidir; ag tabhairt dá haire gur aontaigh an tOifigeach um Chearta Bunúsacha (FRO) leis an nós imeachta;

10. á chur in iúl gur oth léi nach ndearna an Ghníomhaireacht meastóireacht ar a gníomhaíochtaí sa Ghréig, cé go léiríonn na tuarascálacha ó institiúidí na mBallstát, ó Chomhairle na hEorpa, agus ó na Náisiúin Aontaithe go raibh oibríochtaí oibríochtaí comhpháirteacha faireachais teorann á ndéanamh ag an nGníomhaireacht i ranna ina raibh sáruithe ar chearta bunúsacha á ndéanamh ag an am céanna; á chur in iúl gur oth léi gur thug an t-údarás um urscaoileadh aghaidh ar an ábhar sin ina chéad tuarascáil urscaoilte 2020 maidir leis an nGníomhaireacht, ach nár chuir an Ghníomhaireacht aon fhaisnéis shubstaintiúil ar fáil maidir leis an gcaoi a bhfuil sé i gceist aici obair leantach a dhéanamh ina leith sin; ag cur béim ar a phráinní atá an t-ábhar sin i bhfianaise na bhforbairtí sa Ghréig; ag tathant ar an nGníomhaireacht meastóireacht chríochnúil a dhéanamh a luaithe is féidir agus an t-údarás um urscaoileadh a choinneáil cothrom le dáta;

11. á chur in iúl gur oth léi nach bhfuil athbhreithniú déanta ag an nGníomhaireacht go fóill ar an nós imeachta caighdeánach oibriúcháin le haghaidh tuarascálacha um theagmhais thromchúiseacha; ag tabhairt dá haire go raibh sé sin beartaithe ar dtús don dara ráithe de 2022 ach gur cuireadh moill air sin, de réir na Gníomhaireachta mar gheall ar an gcogadh san Úcráin, go dtí an tríú ráithe de 2022;

12. á chur in iúl gur oth léi gur coinníoll eile nár comhlíonadh fós é an iarraidh ar an nGníomhaireacht a gníomhaíochtaí a bhaineann le tacaíocht san Ungáir a chur ar fionraí, gan gníomhú i gcomhréir le hAirteagal 46 de Rialachán (AE) 2019/1896 agus i gcomhréir leis na conclúidí ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (an Chúirt Bhreithiúnais) maidir le nósanna imeachta um shárú i gcoinne na hUngáire; ag tabhairt dá haire go n-áitíonn an Ghníomhaireacht, in ionad na gníomhaíochtaí a bhaineann le tacaíocht a chur ar fionraí, go nglacann sí bearta coimirce breise chun dearbhú a fháil ó údaráis na hUngáire gur urramaíodh cearta bunúsacha, agus go ndéanann sí dlúthfhaireachán air sin a bhfuil tacaíocht á tabhairt dó ag an argóint a chuir an Coimisiún in iúl i gcruinniú an Choiste um Rialú Buiséadach an 13 Iúil 2022 go lamhálann láithreacht na Gníomhaireachta san Ungáir don Ghníomhaireacht faireachán agus rialú a dhéanamh ar sháruithe féideartha ar chearta bunúsacha i gcoinne dídeanaithe nó iarrthóirí tearmainn ag údaráis na hUngáire ag an teorainn; á chur i bhfios go láidir gur cheart an láithreacht sin a theorannú do ghníomhaíochtaí faireacháin agus á thabhairt chun suntais nach mór don Ghníomhaireacht staonadh ó bheith rannpháirteach in aon oibríochtaí arna rialú ag forálacha na reachtaíochta náisiúnta a mheas an Chúirt Bhreithiúnais a bheith ar neamhréir le dlí an Aontais go dtí go mbeidh na forálacha sin go léir i gcomhréir leis an *acquis communautaire* ag tabhairt dá haire go gcuireann FRO na Gníomhaireachta i bhfáth go bhféadfadh tacaíocht leanúnach na Gníomhaireachta san Ungáir a bheith ina cúis le sárú phrionsabal an non-refoulement, agus á mholadh go gcuirfeadh an Ghníomhaireacht a gníomhaíochtaí a bhaineann le tacaíocht san Ungáir ar fionraí, agus go gcuirfeadh sí isteach le coimircí breise dá leanfadh an Ghníomhaireacht, mar sin féin, d'fhaireachán a dhéanamh ar na hoibríochtaí sin, go háirithe i gcomhthéacs staid fhoriomlán an smachta reachta san Ungáir; á iarraidh an athuair ar an nGníomhaireacht, sa chomhthéacs sin, a cuid gníomhaíochtaí tacaíochta eile go léir san Ungáir a chur ar fionraí; ag tabhairt dá haire, mar sin féin, go bhfuil dul chun cinn déanta ag an nGníomhaireacht trí na Nósanna Imeachta mionsonraithe maidir le hOibriúcháin Chaighdeánacha a ghlacadh d'Airteagal 46, i bhfoirm cinneadh ó stiúrthóir feidhmiúcháin i mí Eanáir 2022; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé na nósanna imeachta sin a chur chun feidhme trí chloí leis na caighdeáin is airde maidir le cearta bunúsacha a urramú;

13. á chur in iúl go bhfuil sí tagtha ar an tátal go bhfuil an chuid is mó de na coinníollacha a cheap an t-údarás um urscaoileadh curtha chun feidhme ar bhealach sásúil ag an nGníomhaireacht, ach nach bhfuil cur chun feidhme iomlán na gcoinníollacha sin go léir bainte amach fós agus go bhfuil coinníollacha tábhachtacha gan chomhlíonadh; á iarraidh ar an nGníomhaireacht gníomhú go pras agus na coinníollacha atá fágtha a chomhlíonadh; á chur i bhfáth gur gné ríthábhachtach é na coinníollacha sin a chomhlíonadh arna meas ag an údarás um urscaoileadh chun urscaoileadh a dheonú don bhliain airgeadais 2020;

14. á athdhearbhú, uair amháin eile, nach mór don mhéadú suntasach atá tagtha ar inniúlachtaí agus ar bhuiséad na Gníomhaireachta le blianta beaga anuas a bheith ag gabháil le méadú comhfhreagrach ar chuntasacht agus ar thrédhearcacht; á chur i bhfáth go bhfuil deonú urscaoilte maidir le cur i bhfeidhm bhuiséad na Gníomhaireachta ag brath ar a leithéid de chuntasacht agus de thrédhearcacht, agus go háirithe ar thiomantas na Gníomhaireachta do dhlí an Aontais;

**An tuarascáil ón Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF)**

15. ag tabhairt dá haire go ndearna OLAF agus bord bainistíochta na Gníomhaireachta leagan anaithnidithe de thuarascáil chríochnaitheach OLAF maidir le gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta atá ar fáil; ag tabhairt dá haire nár cuireadh an leagan anaithnidithe sin ar fáil ach do Chomhaltaí an Choiste um Rialú Buiséadach agus don Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile; á mheabhrú gur mheas an t-údarás um urscaoileadh gur ghá rochtain a fháil ar an tuarascáil sin chun cinneadh láneolasach a dhéanamh maidir le hurscaoileadh 2020; á chur in iúl gur oth léi an mhoill fhada atá ann rochtain a thabhairt ar an tuarascáil sin a chuir bac ar shaincheart grinnscrúdaithe na Parlaiminte; á chur i bhfios, thairis sin, gur ábhar leasa phoiblí iad torthaí thuarascáil OLAF; ag tabhairt dá haire go bhfuil sé soiléirithe faoi láthair gurb é OLAF úinéir na tuarascála agus gur dúnadh gach cás atá ar feitheamh a leanann as torthaí na tuarascála;

16. ag tabhairt dá haire gurb amhlaidh a dhaingnítear sa tuarascáil deiridh na hábhair imní thromchúiseacha a ardaíodh ar bhonn chur i láthair páirteach na dtorthaí ón tuarascáil chríochnaitheach a rinneadh i gcruinniú den Choiste um Rialú Buiséadach an 28 Feabhra 2022; á chur in iúl gur cúis mhór imní di torthaí an imscrúdaithe agus méid an mhí-iompair thromchúisigh agus neamhrialtachtaí eile arna sainaithint ag OLAF, chomh maith leis an leibhéal ar a ndearnadh iad; á chur in iúl gur ábhar díomá di amach agus amach, sa chomhthéacs sin, iompar agus gníomhaíochtaí na ndaoine lena mbaineann a thuairiscítear sna torthaí agus an easpa cuntasachta; ag tabhairt dá haire ó na ráitis ó Chathaoirleach bhord bainistíochta na Gníomhaireachta ag an gcruinniú den Choiste um Rialú Buiséadach an 13 Iúil 2022 go bhfuil gníomhaíochtaí déanta don obair leantach ar chonclúidí OLAF sa tuarascáil deiridh; á mheas, i ndáil leis an méid sin, gur cheart gníomhaíochtaí tromchúiseacha feabhais a dhéanamh agus go dtógfaidh sé am na fadhbanna a d'aimsigh OLAF a réiteach agus go mbeidh gá le rannpháirtíocht láidir go háirithe ón stiúrthóir feidhmiúcháin nua lena bhfuiltear ag súil; á iarraidh ar an nGníomhaireacht an athuair treochlár mionsonraithe maidir leis an gcaoi a bhfuil sé i gceist aige na hábhair imní atá fós gan réiteach a chomhlíonadh, mar aon le hamchlár soiléir agus mionsonraithe le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin; á mheabhrú gur athdhearbhaigh OLAF, le linn chruinniú an Choiste um Rialú Buiséadach an 13 Iúil 2022, nach bhfuil aon impleachtaí airgeadais ná tásca maidir le sáruithe ar bhainistíocht fhónta airgeadais sa tuarascáil chríochnaitheach; á mheabhrú go raibh an t-imscrúdú dírithe ar líomhaintí mí-iompair agus neamhchomhlíonadh nósanna imeachta ag an mbainistíocht shinsearach; á thabhairt chun suntais, áfach, go bhfuil na conclúidí a tíolacadh i dtuarascáil chríochnaitheach OLAF maidir leis an imscrúdú a rinneadh i ndáil le gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta, faoin iarcheannaireacht feidhmiúcháin, an-tromchúiseach agus ábhartha don nós imeachta urscaoilte don bhliain 2020; á mheabhrú go bhfuiltear ag súil go gcuirfear dhá thuarascáil bhreise OLAF i láthair in 2022 i ndáil leis an nGníomhaireacht; á iarraidh go mbeidh rochtain láithreach ag na Feisirí ar na tuarascálacha críochnaitheacha sin a luaithe a bheidh siad tugtha chun críche, chomh maith le rochtain ag foireann feidhmiúcháin uile na Gníomhaireachta ar gá dóibh rochtain a fháil ar na tuarascálacha sin chun a áirithiú go gcuirfear buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme i gceart amach anseo;

**Athrú sa Ghníomhaireacht**

17. ag aithint agus á chur in iúl gur geal léi an t-athrú dearfach ar stíl bhainistíochta a thug isteach an stiúrthóir feidhmiúcháin gníomhach a thug gealltanas cultúr eagraíochtúil na Gníomhaireachta a athrú, cur chuige foireannbhunaithe a chur chun cinn le ceannaireacht chomhairleach agus chuimsitheach, áit nach bhfuil eagla ar dhaoine labhairt amach faoi aon éagóir a d'fhéadfadh a bheith ann, le tacaíocht iomlán ón mbord bainistíochta agus ón FRO; á chur in iúl gur geal léi go háirithe tiomantas an stiúrthóra feidhmiúcháin ghníomhaigh don trédhearcacht agus ag dréim leis go ndéanfar céimeanna cinntitheacha chun na gealltanais sin a chomhlíonadh; á chur in iúl gur léi an ról dearfach atá ag Cathaoirleach nua an bhoird bainistíochta agus rannchuidiú tábhachtach an FRO, a chuir feabhas ar an gcomhar agus ar an gcumarsáid sa Ghníomhaireacht agus a neartaigh an comhar agus an chumarsáid sin; ag cur sonrú freisin sna barúlacha ó Chathaoirleach an bhoird bainistíochta, agus ó Leas-Ardstiúrthóir an Choimisiúin um Imirce agus Gnóthaí Baile go léirítear sa tuarascáil lochtanna na ndaoine aonair lena mbaineann, agus nach bhfuil aon saincheist struchtúrach ann; á athdhearbhú go raibh imscrúdú OLAF teoranta do mhí-iompar agus do neamhchomhlíonadh nósanna imeachta ag daoine aonair agus á chur i bhfáth go bhfuil gá go ndéanfadh an t-údarás um urscaoileadh anailís níos doimhne chun measúnú a dhéanamh ar chineál beacht na dteipeanna a sainaithníodh chun a áirithiú nach bhfuil aon fhadhbanna struchtúracha ann;

(a) á chur i bhfáth, ar an gcéad dul síos, nach mór anailís chríochnúil a dhéanamh ar na seiceálacha agus ar na ceartúcháin ós rud é gur ligeadh don mhí-iompar a rinne daoine aonair leanúint ar aghaidh rófhada;

(b) á chur i bhfáth ar an dara dul síos, má thuairiscíonn na meáin ar thorthaí OLAF faoi na Ballstáit a chuireann brú ar ghardaí cósta na Gníomhaireachta, agus lena gceiltear brú siar, go bhfuil dúshláin ann don Ghníomhaireacht nach bhfuil srianta don cheannaireacht a bhí ann roimhe seo;

(c) á chur in iúl gur cúis imní di go bhfuil sé ar intinn ag roinnt ball foirne éirí as a bheith ag obair don Ghníomhaireacht mar gheall ar an gcultúr eagraíochtúil agus ar an timpeallacht oibre fhoriomlán, agus ag dréim leis go ngníomhóidh an stiúrthóir feidhmiúcháin gníomhach láithreach chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin;

(d) á chur in iúl gur cúis imní di freisin an chaoi a leanann an Ghníomhaireacht d'Airteagal 46 de Rialachán (AE) 2019/1896 a chur i bhfeidhm, mar a léirítear le cinneadh an stiúrthóra feidhmiúcháin ghníomhaigh láithreacht sa Mhuir Aeigéach a mhéadú in ainneoin na dtuarascálacha ó na meáin ar thorthaí OLAF a léiríonn sáruithe leanúnacha ar chearta bunúsacha sa réimse sin;

18. ag aithint gur saincheisteanna oidhreachta iad na fadhbanna ar fad atá os comhair na Gníomhaireachta agus gur gá do cheannaireacht reatha na Gníomhaireachta agus don cheannaireacht a bheidh aici amach anseo teacht ar bhealach chun déileáil leis na saincheisteanna sin chun cabhrú leis an nGníomhaireacht dul chun cinn a dhéanamh; ag cur béim ar an bhfíoras, má aithníonn ceannaireacht reatha na Gníomhaireachta é sin, agus go bhfuil sé mar aidhm aici aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna sin, go bhfuil tacaíocht iomlán an údaráis um urscaoileadh ag an nGníomhaireacht; á chur i bhfáth gur cheart gurbh é a bheadh i raon feidhme an Choimisiúin agus bhord bainistíochta na Gníomhaireachta araon aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile, chun tús nua agus úr a chur ar bun, agus chun cosc a chur ar an nGníomhaireacht leanúint de bheith ag teip cearta bunúsacha a urramú; á iarraidh, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún agus ar bhord bainistíochta na Gníomhaireachta anailís chríochnúil a dhéanamh ar na hábhair sin go léir agus iad a thuairisciú don údarás um urscaoileadh; á chur i bhfios go láidir go ndéanfar leis na timthriallta urscaoilte a bheidh ann amach anseo breithniú go dáiríre ar na gnéithe uile a luaitear thuas;

19. ag tathant go dtabharfaí rochtain do bhainistíocht feidhmiúcháin na Gníomhaireachta, lena n-áirítear an stiúrthóir feidhmiúcháin gníomhach, na leas-stiúrthóirí feidhmiúcháin agus an FRO, rochtain ar ábhar thuarascáil deiridh OLAF agus í a léamh i bhfianaise a ríthábhachtachaí atá sí chun go n-áiritheofaí buiséad na Gníomhaireachta a chur chun feidhme i gceart agus rialáil cheart sa todhchaí; á iarraidh ar bhord bainistíochta agus ar bhainistíocht feidhmiúcháin na Gníomhaireachta athmheasúnú cúramach a dhéanamh ar inneachar thuarascáil chríochnaitheach OLAF agus aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a ardaítear inti; á iarraidh go háirithe ar bhainistíocht feidhmiúcháin na Gníomhaireachta athbhreithniú a dhéanamh ar na conclúidí maidir le teagmhais a scrúdaigh an bord bainistíochta i ndáil le cearta bunúsacha a bheith á gcomhlíonadh acu, i bhfianaise ceilt thuairiscithe faisnéise don bhord bainistíochta mar a thuairiscigh na meáin, agus maidir le comhroinnt faisnéise laistigh den Ghníomhaireacht agus idir an Ghníomhaireacht agus an Pharlaimint; ag tathant ar an nGníomhaireacht agus ar an gCoimisiún aon saincheisteanna struchtúracha a bhaineann le hoibríochtaí díreacha na Gníomhaireachta agus le maoirseacht a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu, agus a áirithiú nach dtarlóidh cásanna comhchosúla riamh arís; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an nGníomhaireacht an t-údarás urscaoilte a chur ar an eolas faoin gcaoi a dtabharfar aghaidh ar na saincheisteanna sin;

**Tuarascáil Speisialta 08/2021 ó Chúirt na nIniúchóirí**

20. ag tabhairt dá haire gur thuairiscigh an Ghníomhaireacht cur chun feidhme Mholadh 5 de Thuarascáil Speisialta 08/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (spriocdháta ag deireadh 2021), ach go bhfuil sí ag cur siar an spriocdháta do chur chun feidhme Mholadh 1, maidir le feabhas a chur ar an gcreat malartaithe faisnéise agus ar an léargas ar dhálaí Eorpacha, faoi níos mó ná bliain ó lár 2022 go dtí an tríú ráithe agus an ceathrú ráithe de 2023; ag tabhairt dá haire cur chun feidhme leanúnach/páirteach Mholtaí 2, 3 agus 4 agus ag moladh don Ghníomhaireacht cloí leis an spriocdháta maidir lena gcur chun feidhme faoi dheireadh 2022;

**Trédhearcacht**

21. ag meabhrú chinneadh an Ombudsman Eorpaigh ina fhiosrúchán féintionscnaimh maidir le hoibleagáidí ceart bunúsach; ag cur sonrú sa chonclúid ón Ombudsman gur cheart don Ghníomhaireacht cur chuige níos réamhghníomhaí i leith na trédhearcachta a áirithiú, lena n-áirítear trí dhoiciméid a fhoilsiú a bhfuil gá leo chun tuiscint a fháil ar róil agus freagrachtaí faoi seach na ngníomhaithe a bhfuil baint acu lena cuid oibríochtaí; ag tabhairt dá haire nach féidir leis an nGníomhaireacht faisnéis de chineál oirbheartaíoch a chomhroinnt a bhféadfaí mí-úsáid a bhaint aisti chun gáinneáil ar dhaoine nó gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a dhéanamh; á iarraidh ar an nGníomhaireacht moltaí an Ombudsman a chur chun feidhme; á mholadh go ndéanfadh an Ghníomhaireacht cód iompair nua a fhorbairt agus a chur chun feidhme lena n-áiritheofar trédhearcacht iomlán agus dea-bhainistiú agus go gcoinneodh an Ghníomhaireacht an t-údarás um urscaoileadh ar an eolas faoin dul chun cinn atá déanta i ndáil leis sin;

22. ag tabhairt dá haire gur glacadh rialacha speisialta chun neamhspleáchas an oifigigh um chearta bunúsacha a ráthú, mar aon le straitéis agus plean gníomhaíochta um chearta bunúsacha a tharraingt suas;

23. ag tabhairt dá haire go bhfuil freagrachtaí comhroinnte ar an nGníomhaireacht agus ar na Ballstáit maidir le hoibleagáidí maidir le cearta bunúsacha a chomhlíonadh; ag tathant ar an nGníomhaireacht agus ar na Ballstáit struchtúir comhair, comhroinnte faisnéise agus malartú dea-chleachtas a fhorbairt níos mó;

24. ag cur sonrú sa toradh a bhí ar chruinniú urghnách bhord bainistíochta na Gníomhaireachta a tionóladh an 27 Iúil 2022; á chur in iúl gur geal léi go ndearna an bord bainistíochta gníomhaíochtaí dearfacha chun feabhas a chur ar fheidhmiú struchtúr riaracháin inmheánach na Gníomhaireachta agus ar Straitéis nuashonraithe Chumarsáide Seachtraí Frontex; á roinnt leis an mbord bainistíochta gur ábhar imní é an leibhéal méadaitheach foréigin ag na teorainneacha seachtracha di; ag dréim leis go gcuirfidh an Ghníomhaireacht na moltaí ón oifigeach um chearta bunúsacha chun feidhme mar a leagtar amach iad ina thuarascáil bhliantúil 2021;

**Cosaint sonraí**

25. ag cur sonrú, agus é ina ábhar mór imní di, sna tuarascálacha ó na meáin ó mhí Iúil 2022 ina léirítear gur shaothraigh an Ghníomhaireacht leathnú ar bhailiú ionsáite sonraí ó imircigh faoi chlár PeDRA; á chur cur in iúl gur ábhar imní di, thairis sin na tuairiscí gur thug an tOifigeach Cosanta Sonraí rabhadh arís agus arís eile nach féidir an leathnú sonraí sin a bhaint amach gan dlí an Aontais a shárú agus mhol sí go ndéanfaí comhairliúchán leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS); á chur in iúl gur cúis imní di freisin na tuarascálacha lena gcinntear go ndearna an Ghníomhaireacht neamhaird ar an gcomhairle sin ar dtús agus gur lean sí ar aghaidh leis an leathnú sonraí sin; á chur in iúl gur geal léi, bunaithe ar fhaisnéis arna soláthar ag an nGníomhaireacht, gur lean an Ghníomhaireacht ar aghaidh, tar éis di tuairimí MECS a fháil maidir le rialacha próiseála sonraí, cinntí an bhoird bainistíochta a athdhréachtú le hOifigeach Cosanta Sonraí na Gníomhaireachta chun a áirithiú go gcomhlíonfar go hiomlán rialacha an Aontais maidir le cosaint sonraí, agus go leanfadh rialacha nua barúlacha MECS go dícheallach; á iarraidh ar an nGníomhaireacht stádas reatha an ábhair sin a thuairisciú don údarás um urscaoileadh agus an t-údarás um urscaoileadh a choinneáil ar an eolas faoi na céimeanna a bheidh ann amach anseo i bhforbairt an chláir sin;

**Cásanna ciaptha**

26. á mheabhrú gur thuairiscigh an Ghníomhaireacht gur tugadh fógra di maidir le 17 gcás de ghnéaschiapadh líomhnaithe in 2020; ag tabhairt dá haire, ón obair leantach a rinne an Ghníomhaireacht ar an gcéad cheann de thuarascálacha urscaoilte 2020, gur osclaíodh dhá cheann de na 17 gcás sin mar nósanna imeachta neamhfhoirmiúla faoi lámhleabhar nósanna imeachta na Gníomhaireachta do chomhairleoirí rúnda; á chur in iúl gur saoth léi gur dúnadh na 15 chás eile gan tuilleadh bearta leantacha a dhéanamh; á thabhairt chun suntais gur cheart béim ar leith a leagan ar chiapadh gnéasach a shainaithint, a thuairisciú agus a chomhrac, go háirithe i bhfianaise tuairisciú sceithirí ar chásanna líomhnaithe den sórt sin; á chur in iúl gur geal léi na ráitis ón stiúrthóir feidhmiúcháin gníomhach sa chruinniú den Choiste um Rialú Buiséadach ag rá go bhfuil an Ghníomhaireacht fós ar an airdeall sa réimse sin agus go ndearnadh bearta breise chun a áirithiú go ndéileálfaí go cuí le gach cás; á chur in iúl gur geal léi tiomantas an stiúrthóra feidhmiúcháin ghníomhaigh fanacht ar an airdeall agus bearta breise a dhéanamh sa réimse sin; á chur in iúl gur cúis mhór imní di gur chuir comhalta den fhoireann lámh ina bhás féin, rud a bhain le cleachtais líomhnaithe an chiaptha gnéis, a luaitear sa phlé idir oifigigh na Gníomhaireachta agus Feisirí atá rannpháirteach i misean an Choiste um Rialú Buiséadach chun na Polainne i mí Iúil 2022 agus á chur in iúl gur geal léi athoscailt an cháis sin ag an gceannaireacht feidhmiúcháin nua; á iarraidh ar an stiúrthóir feidhmiúcháin go ndéanfadh sé imscrúdú iomlán agus mionsonraithe ar an gcás sin atá thar a bheith tromchúiseach agus imníoch, an t-údarás um urscaoileadh a choinneáil ar an eolas faoi thorthaí an imscrúdaithe sin agus comhoibriú iomlán a dhéanamh le húdaráis imscrúdaithe choiriúla sa phróiseas; á iarraidh ar an stiúrthóir feidhmiúcháin go ndéanfadh sí imscrúdú críochnúil ar chur chun feidhme na nósanna imeachta atá ann cheana i gcoinne an chiaptha gnéis, comhoibriú go hiomlán leis na húdaráis ábhartha go léir agus go dtabharfadh sí tuairisc don údarás um urscaoileadh maidir leis na torthaí agus go dtíolacfadh sí plean gníomhaíochta mionsonraithe ina mbeidh bearta lena n-áirithítear neamhfhulaingt i leith gnéaschiapadh ina ghníomhaíochtaí riaracháin agus oibríochtúla araon; á iarraidh ar an nGníomhaireacht comhoibriú go hiomlán leis na húdaráis ábhartha uile sa phróiseas agus an t-údarás um urscaoileadh a choinneáil ar an eolas faoi na torthaí;

27. ag moladh fhoireann na Gníomhaireachta, a bhfuil tréimhse an-deacair curtha di, agus dúshláin roimpi a ndearna an stiúrthóir feidhmiúcháin gníomhach ráitis ina leith i gcruinniú den Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile an 30 Bealtaine 2022; á chur i bhfios go háirithe maidir le láimhseáil an iar-FRO ar chuir iarbhainistíocht feidhmiúcháin na Gníomhaireachta bac ar a chuid oibre thar na blianta, mar a thuairiscigh na meáin;

á iarraidh ar bhainistíocht feidhmiúcháin na Gníomhaireachta agus ar an mbord bainistíochta leanúint d'áit shábháilte oibre a spreagann daoine labhairt amach a dhéanamh den Ghníomhaireacht; á chur in iúl gur údar misnigh di na ráitis gur thuairiscigh go leor de na comhaltaí foirne bearta éagóireacha a chonaic siad do na hoifigigh os a gcionn agus á iarraidh ar an nGníomhaireacht a áirithiú go ndéileálfar ar bhonn dáiríre le gach comhartha maidir le mí-iompar gairmiúil, agus go ndéanfar obair leantach chuí ina leith; á áitiú gur gá oiliúint éigeantach a bheith ann maidir le ciapadh sóisialta don bhainistíocht agus don fhoireann uile;

28. ag tagairt, i ndáil le barúlacha eile de chineál cothrománach a ghabhann lena cinneadh maidir le hurscaoileadh, do rún uaithi an 4 Bealtaine 2022 ([3]) ar fheidhmíocht, bainistíocht airgeadais agus rialú na ngníomhaireachtaí.

([3]) IO L 258, 5.10.2022, lch. 425.